

Polasaí an Naíodeachais 28/2/00 Scoil Raifteirí.

“Mol an Óige agus tiocfaidh sí.”

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

1. **Uimhreacha:** Braitheann fostú oidí ar sceideal capucháin na Roinne Oideachais agus ar Pholasaí Clárúcháin an Bord Bainistíochta. Chun na huimhreacha a choinneáil slán, glactar le cúpla pháiste sa bhreis, mar bíonn clannnta so-ghluaiste de bharr fostaíocht. Tuigtear go bhfuil deachreachtaí ag oide níos mó ná 32 pháiste a mhúineadh i rang Ghaelscoil. Is faoin Bord Bainistíochta a thiteann an fhreagrecht seo a eagrú ó bhliain go bliain.
2. **Aois na bPáistí :** Is cóir go mbeadh gach páiste ceithre bhliana d’aois ar/roimh an chéad lá de Mheán Fómhair, de réir rialacha na Roinne Oideachais, agus de réir Polasaí Clárúcháin Scoil Raifteirí.
3. **Ainmneacha na bPáistí: :** Ag clárú na páistí sa scoil déantar na leaganacha Gaeilge, más ann dóibh, a shocrú le na tuistí. Úsáidfear an Ghaeilge nadúrtha chomh fada agus is féidir le cabhair ó na leabhair.
4. **Clárú Páistí:** De réir Polasaí Clárúcháin an Bord Bainistíochta a ghlactar le na páistí go hoifigiúil. Glactar le páistí (1) sa chéad áit, go mbíonn deartháir/deirfiúr sa scoil, (2) sa dara áit bíonn na páistí atá cláraithe de réir dáta an fhoirm cláraithe, a bhíonn líonta ag tuistí na scoile, agus mar atá leagtha amach da pholasaí clárúcháin.
 - Eagraíotar LÁ OSCAILTE na scoile ar an gcéad/dara Aoine de Mhí na Márta. Bíonn sé fógraithe tríd na mean. Cuirtear fáilte rompu sa scoil buaileadh isteach sna ranganna.
 - Iarrtar ar thuistí atá dáiríre le spás a ghlacadh dá bpáistí “Letter of Commitment” a líonadh agus a shíniú agus é a sheoladh chuig rúnaí na scoile.
 - Cuirtear amach cuirithe fáilte chuig Tuistí nua (a rinne clárú de réir an pholasaí chlárúcháin agus a shínigh an “Letter of. Commitment”) freastal ar Chruinniú na dTuistí Nua a thárlíonn go luath taréis an Lá Oscailte.
 - Tugtar miniú ginearálta do thuistí faoi ethos agus polasaithe na scoile. Bíonn na tuistí sásta agus tuiscineach glacadh agus tacú leis an Ghaeloideachais tar éis é a mhíniú. Bíonn Cathaoirleach na scoile , An Príomhoide agus an stiúirtheoir ranga i láthair ag an gcruinniú seo. Mínítear go bunúsach do thuistí conas an pháiste a ullmhú don chéad cúpla lá scoile – a éadaí féin, a lón, a lámha a ní, leithreas a úsáid, a chóta a bhaint, a mhála a fháil ,nóta a thabhairt abhaile agus r.l.
 - Bailítear an tairgead do na leabhair nua ar an oíche sin.
 - Mínítear an chód rialbhéasa agus sínítear é.
5. **Páistí nua agus Tuistí nua sa scoil.**

An Chéad Lá Scoile: Dé Máirt agus Dé Céadaoin den seachtain deiridh roimh saoire an tSamhraidh ó 8:50 – 12:00nóin. Níl aon ghá le sainéide scoile nó culaith reatha do na laethanta tosnaithe i Mí Meitheamh.

 - Cuirtear fáilte rompu sa halla. Cuirtear na múinteoirí in aithne dóibh agus cuirtear na tuistí in aithne do na múinteoirí freisin.

- Tugtar moladh do na tuistí slán tapaidh a fhágáil le na páistí nuair atá na páistí socair. I gcás go bhfuil páiste trína chéile nó tuistí trína chéile tógfaidh sé breis ama socrú isteach.
- Bíonn tae agus caife ar fáil do thuistí sa halla do na céad laethanta seo, agus bíonn cabhair breise ar fáil do na hoidí freisin.
- Glaotar na hainmneacha amach agus téann na páistí ar aghaidh chuig an seomra ranga leis an oide.
- Is féidir le tuistí dul isteach sa seomra ranga leis an bpáiste don chéad téarma, más ghá. Mura bhfuil aon ghá, moltar do thuistí, gan nós a thosnú, na páistí a fhágáil agus a bhailiú ag doras na scoile, nuair atá siad socraithe isteach sa scoil.
- Moltar don oide ranga bheith eagraithe, foighneach agus cáirdiúil.
- Cabhraíonn stór ghreamaitheoirí le ainmneacha na bpáistí don oide agus don fhoireann chun páistí a aithint.
- Cabhraíonn bréagáin agus obair láimhe dhifriúil go mór le páistí a shocrú, ar na grúpaí boirdeacha.
- Cabhraíonn gníomhamhráin, scéalta agus cluichí beaga.
- Go leor cóipeanna de phictiúr le dathú maraon le pictiúr le poncanna a cheangailt a bheith reidh.
- Aithne a chur ar na pháistí, na tuistí, feighlí, fear an bhus a bhailíonn iad agus a fhágann iad chuig na scoile.
- Lón luath a thabhairt dóibh 10:30 – 10:50 a.m.
- Na páistí a thabhairt ar an gclós le taispeaint dóibh a spás roimh na ranganna eile don chéad dhá lá.

Mí Mean Fómhair: 8:50 – 1:00 – Sainéide scoile, lón beag sláintiúil, cóta agus mála scoile

- Fanann na páistí i líne lasmuigh den doras go mbuailtear an chlog ag 8:50 a.m.
 - Scaoiltear páistí ón seomra ranga nuair a thagann tuistí chuig an doras ag 1:00p.m.
 - Múintear dóibh siúl go mall i líne ar an gcosán.
 - Múintear dóibh faoin spás súgartha ar an gclós agus is cóir don oide ranga iad a stiúradh amach agus isteach don chéad seachtain ar a laghad.
6. **Polasaithe Scoile;** Go mbeadh litir curtha amach chuig na tuistí ón scoil ag tús Mean Fómhair, agus go mbeadh cruinniú le na tuistí chomh maith ag deire na míosa sin chun tuistí nua a chur ar an eolas faoi: Sainéide, Lón, Glantachas, Curaclam, Riailbhéasa agus r.l. Is é seo an bealach le tuistí a chur ar an eolas faoi rithim na scoile, clár an lae, agus le moltaí a thabhairt mar thacaíocht do thuistí.
7. **Páipéarachas: (1) Billeoga le huimhreacha fón agus r.l. (2) Cartá Sláintiúil** - go mbeadh cárta sláintiúil líonta go hiomlán ag gach tuismitheoir, agus iad bailithe do ghach pháiste, i leabhair, ag an oide ranga. I gcás go bhfuil fadhb ar leith ag aon pháiste, is cóir don phríomhoide an t-eolas a chur ar fáil don Bord agus an fhoireann, le cead na dtuistí ar mhaithe leis an bpáiste. **(3) Billeog faoi forbairt an pháiste:** Is cabhair é seo do oidí roimh chruinnithe aon le haon, le diriú ar thrí ranna ann: (a) Forbairt teangain, (b) Forbairt Fisiciúil agus Céadfach, (c) Forbairt Sosialta agus Maoithneach an pháiste. **(4) Siniú an Cód Rialbhéasa** : le miniú agus le siniú í Mí Mean Fómhair.
8. **Eagrúcháin Fóirne:** Moladh ón bhfoireann go mbeadh seans ag gach oide ar an bhfoireann, teagaisc na naíonáin a mhúineadh ar feadh tréimhse dhá bhliana.

9. **Clár Oibre Rang na Náionáin Shóisir agus Shinsir:** Tá sé rí- thabhacht go leanfar agus go cloífear leis an chlár oibre scoile agus le clár ama an oide, ionas go mbeidh clár na bliana clúdaithe. Tá sé tabhachtach go mbeidh dul siar rialta agus leanúnachas, ar mhaithe le na hábhair éagsúil, agus le oideachas iomlán an pháiste. Déanann gach páiste foghlaim ag luas dhifriúil agus ar bhealach dhifriúil, agus mar sin tá an-ghá le dul siar.
10. **Fearas Riachtanach:** ag teastáil go mór sna ranganna náionáin. Stór míreanna mearaí, cluichí, lego, breagáin agus rí. a thabhairt. Is fiú don Bhord airgead a infheistiú san Naíoideachas go bliaintiúil agus is fiú do oidí aire a thabhairt don fhearas scoile agus é a roinnt le oidí eile ar an bhfoireann de réir riachtanais.
11. **Múinteoir Teangeolaíochta :** a fhostú le cead na Roinne Oideachais chun tacú leis an dhá-theangas agus le dramaí, ceol, ealaín, coirpoideachas, scríbhneoireacht agus an léitheoireacht a chur chun chinn sa Ghaelscoil.
12. **Measúnú na bPáistí:**
- Tarlaíonn sé seo go rialta agus go nádúrtha ag an oide ranga
 - Is cóir na páistí speisialta ó thaobh abáltacht agus loigeacht a aimsiú go luath agus mar sin is é an polasaí atá ann, an teist M.I.S.T a dhéanamh sa dara téarma de Náionáin Shinsir ar gach pháiste sa rang.
 - Is cóir na moltaí a dhéanamh de réir na torthaí sin.
 - Is cóir meastucháin síceolaíochta a fháil/freastal ar an oide feabhas/obair bhreise sa rang/cabhair breise sa rang nó fanacht siar nó dul ar aghaidh de réir aois an pháiste.
13. **Saibhreas Teangáin:**
- An Ghaeilge:** Tá sé tabhachtach go mbeidh scéim agus clár ceart leanúnach labhartha i bhfeidhm ón tús sa Ghaeilge. Píocann an páiste an Ghaeilge suas go héascaí ag an aois seo ó béal, le rannta, gníomhamhráin, scéalta le síorathrá agus aithrise iontu. Báadh i nGaeilge atá i gceist go hiomlán, ach amháin le linn do rang an Bhéarla, in labhrófar Béarla go hiomlán. Labhraíonn an t-oide an Ghaeilge an t-am ar fad agus faigheann sé/sí na freagraí i mBéarla go dtí go dtagann an cumasc labhartha orthu. Tuigeann siad an Ghaeilge, ach tógann sé am orthu í a labhairt go líofa. Tarlaíonn sé seo de ghnáth ag Rang I.
- An Béarla:** Tá sé tabhachtach go mbeadh scéim leanúnach ó thaobh an Bhéarla labhartha ó bhéal, rímeanna, gníomhdántaí, scéalta le síorathrá chun saibhreas focail agus líofacht a thabhairt don pháiste.
14. **Clár Réamhléitheoireacht:** Tá gá le clár cruinn a chur ar fáil ó thaobh réamh léitheoireacht agus réamh scríbhneoireacht dhé. Modh ilcéadfach (multi- sensory approach) a mholtar ina mbeidh béim curtha ar Féachaint, Éisteacht, Aithris, Déanamh agus úsáid na Céadfaí mar na bealaí difriúla a tharlaíonn an fhoghlaim do na gasúr dhifriúil. Tá sé tabhachtach na páistí a thabhairt ar aghaidh go dtí an pointe léitheoireachta. Tá an-ghá le réamhscileanna a thabhairt dóibh mar ghnathcuid den rang.
- Féachaint:** Cuma Aireachtáil, Comhoiriniú Motar Súil Láimhe (hand – eye motor coordination, Coipeáil Radharcach (visual copying), Cuimhne Radharcach, Comhlíonadh agus dúradh Rithim radharcach, Ord Radharcach, Ord Aimseartha, Idirdealú radharcach (visual discrimination), Ord agus rithim éisteachta.
- Éisteacht:** An córas éisteachta a fhorbairt agus a fheabhsú :
- Spregadh a Fhreagairt :** (1) Tabhairt faoi ndeara
(2) Diríú (focus)

- (3) Figure Ground.
- (4) Idirdealú.(discrimination)
- Spreagadh an Eagrú:** (5) Ordú agus Sintéisiú(order& synthesise)
- (6) Scanáiliú (scanning)
- Tuiscint don Bhrí:** (7) Rangnú(grouping)
- (7) Comhthathú (integration)
- (8) Ag déanamh monatóireacht.(monitoring)

Fóclóir Radharcach Coitianta/Visual sight vocabulary: Aire na bpáistí a dhiriú ar gnathfhocail ina gceantar féin, ar scoil agus sa siopa.

Fógraíocht/Phonetics: Na páistí a mhealladh chun fuaim na litir a aithint, cluichí a eagrú chun a chluasa a thraenáil sa foghraíocht.

Traenáil Labhartha/Voice Training: Is féidir é a dhéanamh go héascaí agus é a cheangailt le foghraíocht na litir.

15. **Clár ceart don Choirpoideachais;** do Naíonáin Shóisir agus Naíonáin Shinsir, go háirid chun cabhrú leo le na scilleanna Léitheoireachta, scríbhneoireachta, agus chun comhoibriú a fheabhsú. m.s. “Ceol agus Gluaiseacht” cluichí , an – tabhachtach don Ghaeilge , don súgradh agus don fhoghlaim go ginearálta.
16. **Clár Éisteachta Cheoil** a bheith ar siúl i ngach rang, agus i rang Naí. Shóisir agus Shinsir go háraid. Is cóir an – bhéim a chur chluas oiliúint agus éisteacht le ceol.